Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Aibreán 2024
(OR. en)

8803/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0090(BUD)**

FIN 367
PE-L 13

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8539/24 (COM(2024) 921 final) |
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann le buiséad ginearálta 2024: Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a threisiú tar éis aontachas na Polainne agus rannpháirtíocht ionchasach na Sualainne |

1. An 9 Aibreán 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2024 a ghabhann leis an mbuiseád ginearálta le haghaidh 2024 maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a threisiú tar éis aontachas na Polainne agus rannpháirtíocht ionchasach na Sualainne[1].

Is é is aidhm don togra sin OIPE a threisiú trí fhiche post breise a leithdháileadh sa phlean bunaíochta chun Ionchúisitheoirí Eorpacha a earcú agus ar mhaithe leis na feidhmeanna tacaíochta is gá, chun an t-ualach oibre breise a eascraíonn as rannpháirtíocht an dá Bhallstát bhreise a chur san áireamh. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe EUR 3.6 milliún a chur le buiséad OIPE chun an caiteachas a bhaineann le rannpháirtíocht na Polainne agus na Sualainne a chumhdach, don chuid atá fágtha den bhliain 2024. Baineann an caiteachas sin le tuarastail na foirne atá le fostú, chomh maith le caiteachas oibríochtúil, lena n-áirítear tuarastail Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha breise a bheidh le ceapadh sa Pholainn agus sa tSualainn.

[1] 8539/24.

Ar an iomlán, is méadú EUR 3.6 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí an tionchar glan atá ag dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh 3/2024 ar chaiteachas.

2. Chun go mbeidh an Chomhairle in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an dréachtbhuiséad leasaitheach sin gan mhoill, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, an tréimhse 8 seachtaine a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach a dhéanamh níos giorra, i gcomhréir le hAirteagal 3(3) dá Rialacha Nós Imeachta.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2024 ag na cruinnithe a bhí aige an 9 agus an 16 Aibreán 2024 agus bhí sé in ann glacadh leis gan aon athrú.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, d'aontaigh an <u>Coiste um an mBuiséad</u>, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2024, mar a leagtar amach i bpointe 3 é, a ghlacadh;

- treoir a thabhairt don Uachtaránacht na doiciméid bhuiséadacha atá le cur chuig Parlaimint na hEorpa a ullmhú agus an dréachtlitir san Iarscríbhinn a fhormheas chuige sin;

- an Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, mar a leagtar amach in 8804/24 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*; agus

- i bhfianaise phráinn an ábhair, go gcinnfidh an Chomhairle maolú a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 3(3), an dara fomhír de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

Cuirim chugat an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh.3 2024 don bhliain airgeadais 2024[2], a ghlac an Chomhairle an 22 Aibreán 2024, i ndoiciméad ar leithligh.

(Beannachtaí scoir).

---

[2] 8805/2024 + ADD 1.